An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Treorlínte Iarratais

## Múinteoirí Iar-bhunscoile
lasmuigh de Phoblacht na hÉireann



Leasaithe: Eanáir 2023

# Ábhar

Treoirlínte Ginearálta

1. Incháilitheacht — 04
2. Próiseas Clárúcháin — 05
3. Iarratais Neamhiomlána — 05
4. Fianaise Thacaíochta — 05
5. Grinnfhiosrúchán — 06
6. Amlíne maidir le Próiseáil Iarratais — 06
7. Aistriúchán ar Dhoiciméid — 06
8. Creidiúintí ECTS — 06
9. Cáilíochtaí atá aitheanta roimhe seo — 06
10. Scrúdú Staire & Struchtúir — 06

# Ábhar

## Céimeanna chun PPQA-01 a chomhlánú

CÉIM 01 Cruthaigh Cuntas ar Thairseach MoChlárú ... 07
CÉIM 02 Roghnaigh bealach iarratais an PPQA-01 ... 08
CÉIM 03 Ráiteas Údaráis Inniúla ... 08
CÉIM 04 Sonraí Pearsanta ... 08
CÉIM 05 Cáilíochtaí ... 09
CÉIM 06 Measúnú d'Ábhar/d'Ábhair Curaclaim/Churaclaim ... 10
CÉIM 07 Measúnú ar Oiriúnacht Chuí an Duine ... 11
CÉIM 08 Grinnfhiosrúchán ... 11
CÉIM 09 Seirbhís Teagaisc ... 11
CÉIM 10 Riachtanas an Bhéarla ... 12
CÉIM 11 Sonraí agus Dearbhuithe ... 12
CÉIM 12 Cuir Isteach ... 12
CÉIM 13 Íocaíocht ... 12
CÉIM 14 Céad Céimeanna Eile ... 12

# Treoirlínte Ginearálta

## 1. Incháilitheacht

Ní chóir an fhoirm iarratais PPQA-01 ar líne ar thairseach MoChlárú a chomhlíonadh ach amháin múinteoirí a bhain a gcáilíocht san oideachas tosaigh múinteoirí amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus a bhfuil measúnú ar a gcuid cáilíochtaí á lorg acu chun clárú mar mhúinteoir iarbhunscoile (Bealach 2).

Tá múinteoirí láncháilithe a bhain cáilíocht amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Déantar iarratais a phróiseáil de réir Treoir AE 2005/36/CE is cuma ar bhain siad cáilíocht amach laistigh nó lasmuigh den AE. Déantar gach iarratas a mheas ar bhonn aonair.

Déantar duine a mheas mar mhúinteoir láncháilithe agus clár ionduchtúcháin agus cáilíocht aitheanta oideachais múinteora curtha i gcrích acu sa tír inár cháiligh siad agus is féidir leo litir oifigiúil a chur ar fáil ón gcomhlacht ábhartha múinteoirí/ Údarás Inniúil nó ón Aireacht Oideachais, a dhearbhaíonn aitheantas mar mhúinteoir láncháilithe sa Stát/ tír.

De réir Treoir AE 2005/36/CE, déantar measúnú ar cháilíochtaí múinteoirí a cháiligh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann lena chinntiú go bhfuil siad ar chaighdeán atá inchomparáide leo siúd atá bainte amach ag céimithe ar chláir creidiúnaithe i bPoblacht na hÉireann. Nuair a thagann difríochtaí suntasacha chun cinn, déanfar coinníollacha (easnaimh cháilíochta) a chuir le clárúchán an mhúinteora.

**Riachtanais Ábhar Curaclaim Iar-Bhunscoile**
Ní mór d'iarratasóirí iar-bhunscoile na riachtanais d'ábhar curaclaim iar-bhunscoile amháin ar a laghad a chomhlíonadh, chomh maith le cáilíocht oideachais múinteora ábhartha a bheith acu.

Ní mór d'Iarratasóirí breathnú ar [Riachtanais Ábhar Curaclaim na Comhairle] sula ndéanfar cinneadh maidir leis an ábhar/na hábhair a ndéanfar iarratais ina leith.

Clárófar iarratasóirí don ábhar/na hábhair curaclaim a shásaíonn a gcuid cáilíochta/cáilíochtaí na riachtanais dó(ibh) go hiomlán. Más amhlaidh nach gcomhlíonann an/na cháilíocht(aí) na riachtanais d'aon ábhar curaclaim go hiomlán, féadfar iarratasóir a chlárú don ábhar a bhfuil a gcáilíocht(aí) is gaire do na riachtanais (faoi réir coinníollacha) arna gcinneadh ag an gComhairle. Is féidir iarratas ar ábhar sa bhreis a dhéanamh amach anseo.

Tabhair faoi deara le do thoil, nach féidir clárúchán a thabhairt chun críche ach amháin agus próiseas grinnfhiosrúcháin tugtha chun críche go rathúil. Ní mór iarratas ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh tríd an iarratas PPQA-01 ar líne.

### 1.1. Iarratasóirí ón Aontas Eorpach

Ní mór d'iarratasóirí a thug a gcáilíocht oideachais múinteora chun críche i dtír AE/LEE fianaise aitheantais a chuir ar fáil de réir Treoir AE 2005/36/CE. Is féidir le hAireacht Oideachais nó foras ceadúnaithe/clárúcháin mhúinteora de ghnáth, an ráiteas seo a chuir ar fáil agus ní mór go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh:

- **go bhfuil aitheantas iomlán deonaithe ag an údarás thuasluaite mar mhúinteoir iar-bhunscoile de réir téarmaí na Treorach.**
- **raon aoise dalta don aitheantas sin.**
- **na cineálacha scoileanna ina bhfuil an t-iarratasóir deimhnithe chun múineadh iontu.**
- **na hábhair ar leith a bhfuil aitheantas deonaithe dóibh.**

Tá múinteoirí atá aitheanta go hiomlán ina stát baile féin i dteideal stádas múinteoir cáilithe a bhaint amach sa tír óstach (Éire) de réir na Treorach agus tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar Chlárúchán Faoi Choinníoll.

Déanfar an coinníoll atá lena gclárúchán a dhearbhú tar éis dá gcuid cáilíochtaí a mheas chun a chinneadh an bhfuil siad inchomparáide le riachtanas clárúcháin baile. Má thugtar difríochtaí suntasacha faoi deara, ceadaíonn Treoir an AE uastréimhse trí bliana a mbeidh sé de dhíth ar iarratasóirí aghaidh a thabhairt ar easnaimh aitheanta (Bearta cúitimh). Mura dtéitear i ngleic go sásúil le coinníollacha laistigh den tréimhse shainithe, d'fhéadfadh sé go rachadh an clárú in éag.

### 1.2. Iarratasóirí ón gCuid Eile den Domhan

Ní mór do mhúinteoirí a thug a n-oideachas múinteora chun críche lasmuigh den AE/LEE ceadúnas chun teagaisc/ ráiteas ón údarás inniúil (comhionainn leis an gComhairle Mhúinteoireachta/Roinn/Aireacht Oideachais) a chur ar fáil, ag tabhairt le fios gur múinteoir lánaitheanta iad sa tír inar bhain siad a gcáilíocht amach, lena n-áirítear aon tréimhse reachtúil cleachtais/ ionduchtúcháin iarcháilíochta a tugadh chun críche.

## 2. Próiseas Clárúcháin

Ní mór na céimeanna seo a leanas a chomhlánú chun an próiseas iarratais ar líne a chomhlánú:

a. Foirm iarratais PPQA-01 comhlánaithe a chur isteach lena n-áirítear an táille ábhartha.

b. Fianaise ar cháilíochtaí a chur isteach lena n-áirítear tras-scríbhinní agus tuairisceoirí modúil (féach ar liosta thíos maidir le fianaise nach mór duit a chuir i dtoll a chéile sula dtugann tú faoi d'iarratas ar líne).

c. Maidir le hiarrthóirí teanga, cuir isteach fianaise ar an Eispéiris Tumoideachais (ETO), Inniúlacht Teanga (CEFR).

d. Cuir fianaise ar fáil maidir le riachtanas an Bhéarla.


e. Cuir fianaise ar fáil ar gach taithí múinteoireachta iarcháilíochta go dtí seo.

f. Tús a chur leis an bpróiseas grinnfhiosrúcháin tríd an próiseas iarratais ar líne.

## 3. Iarratais Neamhiomlána

Ní bheidh iarratais atá neamhiomlán i dteideal le cur isteach. Is féidir an t-iarratas a shábháil agus is féidir filleadh air amach anseo. Scriosfar aon iarratais nach gcuirtear isteach tar éis trí mhí.

Ní mór a thabhairt le fios, má dhúnann tú do bhrabhsálaí, sula sábhálann tú d'iarratais, beidh do chuid sonraí caillte agus beidh ort tús a chuir le d'iarratais arís.



## 4. Fianaise Thacaíochta

Sula dtosaíonn tú ar d'iarratas, bíodh an t-eolas seo a leanas agat le do thoil.

a. Teistiméireacht Charachtair Sínithe (is féidir cóip don leathanach bán a íoslódáil ón gcéad leathanach ó d'iarratas PPQA-01).

b. Doiciméid aitheantais, cruthúnais seolta agus Imréitigh Thar Lear do Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

c. Fianaise ar athrú ainm, más infheidhme (teastas pósta/gníomhas aonpháirtí).

d. Ráiteas aitheantais ó údarás inniúil/ceadúnas chun teagaisc.

e. Fianaise Ionduchtúcháin.

f. Fianaise ar Inniúlacht Teanga agus Eispéireas Tumoideachais (ETO) infheidhme dóibh siúd a dhéanann iarratas ar mheasúnú ar theanga churaclaim).

g. Pár/teastas le haghaidh gach cáilíochta.

h. Tras-scríbhinní acadúla do gach bliain agus creidiúintí a bronnadh.

i. Tuairisceoirí modúil do gach modúl ábhartha.

j. Cúlra teagaisc (más ábhartha).

k. Fianaise ar inniúlacht teanga sa Bhéarla (nuair is infheidhme).

l. Cárta Dochair/Creidmheasa chun an táille iarratais a íoc.

Tá sé de cheart ag an gComhairle aon cháipéisí a cuireadh isteach a thacaíonn le hiarratas a dhearbhú agus chun cáipéisí sa bhreis a lorg dá mbeadh siad de dhíth chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht do chlárúchán.

Sábháil agus uaslódáil gach comhad le do thoil agus bíodh ainm ábhartha orthu (m.sh., pár; tras-scríbhinn; pas; ainm tuairisceoir modúil) sula uaslódáiltear é. Cabhróidh ainmniú comhaid le d'iarratas a phróiseáil. Is féidir comhaid a uaslódáil mar dhoiciméid Word, PDF, íomhánna.

**Cad is tuairisceoir modúil ann?**

**Is cur síos gonta ar mhodúil agus ar a chuid príomhghnéithe é tuairisceoir modúil agus ba chóir na nithe seo a leanas a bheidh san áireamh:**

- achoimre ar ábhar an mhodúil.
- cur síos ar conas ábhar an mhodúil a sheachadadh.
- cur síos ar conas ábhar an mhodúil a mheas.
- na torthaí foghlama a bhaineann leis an modúil.
- aon tréimhsí socrúchán scoile maoirsithe/ cleachtadh múinteoireachta maoirsithe.
- ar mhaithe le hiarratasóirí teanga, ní mór go mbeadh liosta don litríocht/do na téacsanna a bhí faoi staidéar, a bheith san áireamh leis an tuairisceoir modúil.

**Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir ach measúnuithe a dhéanamh ach amháin ar an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil; is é an t-iarratasóir atá freagrach as a dhóthain eolais a sholáthair maidir le gach modúil chun measúnú a éascú.**

## 5. Grinnfhiosrúchán

Tá clárú faoi réir Grinnfhiosrúcháin. Ní féidir glacadh le clárú ach le Grinnfhiosrúchán a dhéantar tríd an Chomhairle Mhúinteoireachta. Ní féidir glacadh le Grinnfhiosrúchán ó thríú páirtí (m.sh. scoil, CLG, club/cumann) ar mhaithe le cuspóirí clárúcháin. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Ghrinnfhiosrú tríd an fhoirm iarratais PPQA-01 ar líne.

## 6. Amlíne maidir le Próiseáil Iarratais

Ní féidir tús a chur le measúnú ar d'iarratas agus cáilíochtaí ach amháin nuair atá na doiciméid riachtanacha go léir curtha isteach agat chuig an gComhairle. Rachaidh foireann oibre i dteagmháil leat má thugann siad aon doiciméad atá in easnamh faoi deara. D'fhéadfaigh d'iarratas a sheoladh ar ais chugat ar mhaithe le ceartúchán dá thoradh seo. Ní bheidh an comhad réidh le tosú ar an measúnú go dtí go mbeidh na doiciméid go léir faighte. Tógfaidh an measúnú timpeall dhá sheachtain déag ón am go bhfaightear gach doiciméad iarrtha.

## 7. Aistriúchán ar Cháipéisí

Ní mór duit cóipeanna do gach doiciméad a chur ar fáil i mBéarla nó i nGaeilge. Ní mór go mbeadh aistriúchán Béarla i dteannta aon doiciméad nach bhfuil i mBéarla.

Caithfidh na doiciméid aistrithe a bheith stampáilte go hoifigiúil ag aistritheoir creidiúnaithe, ag feidhmeannach consalach/ ambasáide atá líofa sa dá theanga araon, nó ag léachtóir teanga(cha) ollscoile. Ní mór duit ainm agus seoladh an aistritheora a chur ar fáil ionas gur féidir linn an t-aistriúchán a dheimhniú.

Tabhair faoi deara le do thoil gur féidir leat féin na doiciméid a aistriú ach ní mór duit na doiciméid a fháil deimhnithe (le stampa orthu ó aistritheoir oifigiúil).

**Chun cabhrú le hiarratasóirí agus na costais a bhaineann le haistriúchán a íoslaghdú, is féidir le hiarratasóirí faisnéis achomair a sholáthar ar na modúil a shainaithnítear ar a gcuid tras-scríbhinní. Déan aird a tharraingt ar na míreanna de lámhleabhar an chúrsa atá aistrithe le do thoil agus ceangail na haistriúcháin ábhartha.**

## 8. Creidiúintí ECTS

Tá creidiúint ECTS san áireamh le riachtanais chlárúcháin do mhúinteoirí iar-bhunscoile. Is caighdeán é an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna agus Córas Carntha (ECTS) chun comparáid a dhéanamh idir gnóthachtáil staidéir agus feidhmíocht mac léinn ardoideachais ar fud an Aontais Eorpaigh agus tíortha Eorpacha comhoibreacha eile. Bronntar creidiúintí ECTS ar mhic léinn nuair a thugann siad a gcuid staidéar chun críche go rathúil. Is ionann 60 creidiúint ECTS agus bliain acadúil amháin. Tá sé seo cothrom le 1,500-1,800 uair a chloig staidéir i ngach tír is cuma cén caighdeán nó cineál cáilíochta atá i gceist. Baintear feidhm as an gcóras creidiúnaithe chun aistriú agus feidhmíocht a éascú. Iarrfar ort luach creidiúnaithe ECTS a chuir ar fáil le d'iarratas.

## 9. Cáilíochtaí atá aitheanta roimhe seo

Má rinneadh do chuid cáilíochtaí a mheas cheana féin ar mhaithe le cuspóirí cáilíochta ag an Roinn Oideachais nó ag an gComhairle Mhúinteoireachta, téigh i dteagmháil linn ag info@teachingcouncil.ie ar son comhairle faoin mbealach cuí chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

## 10. Scrúdú Staire & Struchtúir

Más amhlaidh gur chríochnaigh an t-iarratasóir ar chlárú mar mhúinteoir iar-bhunscoile clár oideachais múinteoirí lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, tá sé de dhualgas air nó uirthi eolas a chur agus tuiscint a fháil ar stair agus struchtúr chóras oideachais na hÉireann. Bíonn scrúdú ar Stair & Struchtúr (H&S) ar siúl ar líne cúpla uair gach bliain agus bíonn sé eagraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

# Céimeanna chun PPQA-01 a chomhlánú

## CÉIM 01 Cruthaigh Cuntas ar Thairseach MoChlárú

Muna bhfuil cuntas agat, beidh ort do chuntas pearsanta féin a chruthú ar MoChlárú agus úsáid a bhaint as seoladh ríomhphoist ar leith, i.e. ní seoladh ríomhphoist roinnte nó ceann scoile.

Cuirfidh do chuntas MoChlárú ar do chumas rochtain a fháil ar do shonraí clárúcháin agus iad a bhainistiú 24/7 ar líne.

### Uimhir PSP

Is Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí atá i gceist le: hUimhir PSP. Is í d'Uimhir PSP do uimhir thagartha ar leith ar mhaithe le gach idirbheart le ranna rialtais agus le comhlachtaí poiblí eile ar nós na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Muna bhfuil Uimhir PSP agat nó nach bhfuil tú in ann teacht uirthi, téigh i dteagmháil le d'oifig leasa shóisialaigh áitiúil. Thugtaí Uimhir ÁSPC ar an Uimhir PSP san am atá caite.

### Ainm

Ba chóir gurb é seo an t-ainm a mbaineann tú feidhm as go hiondúil agus an t-ainm a thugtar de ghnáth ort agus tú ag obair. Seo é an t-ainm a bheith le feiceáil ar Chlár na Múinteoirí. Nuair atá sé ábhartha cuir fianaise fhíordheimhnithe i dtaca le hathrú ar ainm ar fáil, m.sh. fótachóip do dheimhniú pósta stáit. Ba chóir cóip fhíordheimhnithe den ghníomhas a chur ar isteach más athrú ainm trí ghníomhas aonpháirtí atá i gceist.



### Seoladh Comhfhreagrais

Bainfear feidhm as an seoladh a chuireann tú ar fáil ar mhaithe le cuspóirí comhfhreagrais agus níor chóir gur seoladh scoile é seo. Ba chóir gurb é seo an seoladh a bhfuil cónaí ort ann de ghnáth.

D'fheadfadh sé a bheith riachtanach den Chomhairle ó am go ham fógra a sheirbheáil ar mhúinteoir de réir cuid 62 de Achtanna na Comhairle Múinteoireachta. Cuirfidh fógraí den chineál seo múinteoirí ar an eolas maidir le hathruithe tábhachtacha agus suntasacha ar a cuid/chuid clárúcháin. Glacfaidh an Comhairle leis gurb é an seoladh a cuireadh ar fáil an seoladh lena ndéantar fógraí a sheirbheáil ann.

I gcásanna nach bhfuil múinteoir i láthair ag an seoladh chuig a seoltar comhfhreagras, nó sa chás nach mbailíonn múinteoir comhfhreagras dá leithéid óna oifig nó óna hoifig áitiúil sórtála poist, meastar go bhfuil an litir fós seolta i dtéarmaí dlí, agus seasfaidh an t-ábhar a chuirfear in iúl sa litir sin. Ar an gcúis sin, níor cheart gur seoladh scoile nó coláiste an seoladh comhfhreagrais a thugtar.

### Sonraí Teagmhála Gutháin

Cuir sonraí teagmhála gutháin ar fáil le do thoil, bheadh fáilte roimh uimhir ghutháin phóca más féidir. Ó am go ham d'fhéadfadh go n-eiseodh an Chomhairle meabhrúcháin le téacs SMS, maidir le hathnuachan atá le teacht nó coinníoll i dtaca le dátaí éaga.

### Seoladh ríomhphoist pearsanta

Cuir seoladh ríomhphoist ar fáil le do thoil. Seolfar comhfhreagras maidir le d'iarratais agus aon chumarsáid ina dhiaidh seo lena n-áirítear fógraí athnuachain ar ríomhphost. Bainfidh tú feidhm as do sheoladh ríomhphoist chun rochtain a fháil ar an gcóras athnuachain ar líne agus ina theannta sin, má theastaíonn uait do chuid sonraí pearsanta nó fostaíochta a nuashonrú. Ní bheidh sé ar do chumas an próiseas grinnfhiosrúcháin a thabhairt chun críche gan seoladh ríomhphoist.

## CÉIM 02 Roghnaigh bealach iarratais an PPQA-01

**2.1.** In Iarratais, roghnaigh Déan Iarratas chun iarratas a dhéanamh.

**2.2.** Roghnaigh Is Múinteoir mé a cháiligh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

**2.3.** Roghnaigh Teastaíonn uaim mo chuid cáilíochtaí a mheas ar mhaithe le clárúchán mar Mhúinteoir iar-bhunscoile faoi Bhealach 2.

**2.4.** Roghnaigh Déan Iarratas Anois agus cur tús le d'iarratas a chomhlánú.

Ag aon chéim den phróiseas iarratais, is féidir leat d'iarratas a shábháil agus filleadh air níos déanaí. Beidh trí mhí agat ón dáta tosaithe chun d'iarratas a chomhlánú. Scriosfar aon iarratais nach gcuirtear isteach tar éis trí mhí.

Ní mór na gnéithe éigeantacha do d'iarratas a chomhlánú go hiomlán chun dul ar aghaidh go dtí céim na híocaíochta agus taisceadh deiridh d'iarratais. Tá réimsí sainordaitheacha marcáilte ag réiltín (*) i ngach píosa den fhoirm iarratais.

**Rachaidh an t-am istigh don phróiseas iarratais tar éis 30m nóiméad muna bhfuil aon duine ina bhun. Cuirfear meabhrúchán ar an scáileán maidir le síneadh a chuir le do sheisiún a sula mbeidh an t-am istigh.**

Tugann an t-eolas seo a leanas le fios cad ba chóir duit a chomhlánú i ngach ceann de tháib an iarratais.



## CÉIM 03 Ráiteas Údaráis Inniúla

**3.1.** Chun a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar mheasúnú ar do cháilíochtaí do chlárú mar mhúinteoir iarbhunscoile, ní mór duit ráiteas a sholáthar ón údarás inniúil sa tír a cháiligh tú.

**3.2.** Má cháiligh tú san AE, ní mór go mbeadh an t-eolas seo san áireamh sa ráiteas, go bhfuil aitheantas iomlán mar mhúinteoir iar-bhunscoile bronnta ag an údarás de réir treoracha Treoir AE 2005/36, lena n-áirítear aon thréimhse reachtúil ionduchtúcháin/ cleachtais iarcháilíochta.

- raon aoise dalta don aitheantas sin.
- na cineálacha scoileanna ina bhfuil tú deimhnithe chun múineadh iontu.
- na hábhair ar leith a bhfuil aitheantas deonaithe dóibh.

**3.3.** Má cháiligh tú lasmuigh den AE, ní mór an t-eolas céanna atá in 3.2 thuas a bheith san áireamh sa ráiteas, seachas an tagairt do Threoir AE.

**3.4.** A Tá liosta maidir le húdaráis inniúla ar fáil anseo ar www.teachingcouncil.ie.

**3.5.** Tabhair le fios ar an bhfoirm iarratais le do thoil ar cháiligh tú san AE nó sa chuid eile den domhan.

**3.6.** Déan do ráiteas a uaslódáil le do thoil chomh maith le fianaise d'aon tréimhse ionduchtúcháin reachtúil a cuireadh i gcrích.

## CÉIM 04 Sonraí Pearsanta

**4.1.** Déanfar do shonraí pearsanta a uathchríochnú agus feidhm á mbaint as na sonraí a chuir ar fáil nuair a chruthaigh tú do chuntas.

Sábháil agus uaslódáil gach comhad le do thoil agus bíodh ainm ábhartha orthu (m.sh., pár; tras-scríbhinn; pas; ainm tuairisceoir modúil) sula uaslódáiltear é. Is féidir comhaid a uaslódáil mar dhoiciméid Word, PDF, íomhánna.

CÉIM 05

## Cáilíochtaí

5.1. **Teideal -** Cuir isteach an teideal beacht do gach cáilíocht atá agat m.sh., Baitsiléir Oideachais, Baitsiléir Ealaíon, Ard-Dioplóma Oideachais, Máistir Gairmiúil le hOideachas, Teastas Iarchéime san Oideachas, Máistreacht, srl.

5.2. **Cineál -** Roghnaigh le do thoil an Cineál Cáilíochta do gach cáilíocht.

5.3. **ECTS -** Féach ar mhíniúchán roimhe seo maidir le ECTS. (D'iarratasóirí na Ríocht Aontaithe, tabhair faoi deara gur ionann 1 ECT agus 2 chreidiúnaí CATS.)

5.4. **Leibhéal Dámhachtana -** Tá an Leibhéal Dámhachtana de réir CNC (Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann).

5.5. **Fianaise -** Déan fianaise de gach cáilíocht a uaslódáil, i.e., pár, tuairisc acadúla, tuairisceoir modúil. Is féidir leat Cuir Doiciméad Eile Leis a roghnú, má theastaíonn uait níos mó ná comhad amháin a uaslódáil.

5.6. Chun cáilíocht sa bhreis a chuir leis, cliceáil ar **Cuir Cáilíocht Eile Leis**.

> Tabhair faoi deara le do thoil, má cháiligh tú mar mhúinteoir agus bealach iarchéimí á thógáil agat, ní mór duit fianaise a chuir ar fáil maidir le do bhealach iarchéime lena n-áirítear an leibhéal cáilíochta (de réir CNC).



### Tuairisc Acadúla & Tuairisceoir Modúil

Do gach cáilíocht atá le meas (m.sh., oideachas múinteora agus ábhar), ní mór d'iarratasóirí iad seo a leanas a chuir isteach:

1. Ráiteas oifigiúil thras-scríbhinní na dtorthaí le haghaidh gach bliain maidir le do chuid staidéar oideachas múinteora ina luaitear:
   - an cód/teideal an mhodúil atá mar an gcéanna leis an cód/teideal ar thras-scríbhinn.
   - na scoileanna agus réimsí aoise atá mar chuid den socrúchán scoile maoirsithe.
   - na hábhair a múineadh agus tú ar shocrúchán scoile.
   - dearbhú go raibh an socrúchán múinteoireachta maoirsithe go díreach ag institiúid tríú leibhéal.
2. Ráiteas oifigiúil thras-scríbhinní na dtorthaí le haghaidh gach bliain maidir le cáilíocht eile (m.sh. fochéimí a thugann riachtanais ábhair churaclaim) a chuireann iad seo ar fáil:
   - teidil na n-ábhar/modúl a dearnadh staidéar orthu i ngach ceann díobh.
   - na blianta den chúrsa a baineadh amach na gráid.
   - líon na gcreidiúintí ECTS (nó a choibhéis) a leithdháileadh i ngach modúl (má tá siad ar fáil).
3. Tuairisceoirí modúl a bhaineann le gach bliain céime, ina luaitear:
   - cód/teideal an mhodúil atá mar an gcéanna leis an cód/teideal ar thras-scríbhinn acadúil na dtorthaí.
   - cur síos gairid ar ábhar na modúl a thugann achoimre ar na torthaí foghlama.
4. An pár cáilíochta.

Muna bhfuil an t-eolas thuas ar an tras-scríbhinn, cuir eolas ar fáil le do thoil ón soláthróir ar dhoiciméad aonair.

> Muna bhfuil an t-eolas thuas ar an tras-scríbhinn, cuir eolas ar fáil le do thoil ón soláthróir ar dhoiciméad aonair.

# CÉIM 06 Measúnú d'Ábhar/d'Ábhair Curaclaim/Churaclaim

## 6.1. Ábhair Churaclaim Iar-Bhunscoile

Chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 2 (Iar-bhunscoil), ní mór duit na riachtanais d'ábhar curaclaim iar-bhunscoile amháin, ar a laghad, mar atá foilsithe ag an gComhairle, a chomhlíonadh. Déan tagairt le do thoil do na riachtanais maidir le hábhar sula ndéanann tú iarratas.

Riachtanais Ábhar Curaclaim Iar-Bhunscoile

## 6.2. Teangacha Curaclaim: Eispéireas Tumoideachais (ETO) agus Inniúlacht Teanga

Tabhair faoi deara le do thoil de réir na riachtanais ábhair, ní mór d'iarratasóirí teanga fianaise ar Eispéireas Tumoideachais (ETO) agus Inniúlacht Teanga a chur isteach mar chuid dá n-iarratais.

### 6.2.2. Eispéireas Tumoideachais (ETO):

Iarrtar ar iarrthóirí ar mian leo clárú le teanga churaclaim fianaise infhíoraithe de Eispéireas Tumoideachais sa teanga sin a sholáthar. Is féidir é seo a dhéanamh in dhá bhloc, agus gach bloc dhá sheachtain fada ar a laghad. Ní mór do cheann amháin de na bloic seo bheith i suíomh ina bhfuil an teanga mar phríomhtheanga an phobail sa réigiún/tír. Ní mór ceann amháin de na rudaí seo a leanas a bheith i gceist leis an Eispéireas Tumoideachais /na hEispéiris Tumoideachais:


- tabhairt faoi chúrsa teanga.
- a bheith ag obair mar bhall foirne i suíomh oideachasúil.
- tionscadal taighde gníomhaíochta a bhaineann lena léann teagaisc a dhéanamh.
- Socrúchán Scoile a dhéanamh.

Cliceáil anseo chun na Treoir Nótaí ETO a léamh

### 6.2.3. Inniúlacht Teanga:

Ní mór do iarrathóirí ar theangacha inniúlacht sa teanga a léiriú chomh maith. Is féidir fianaise dó seo a chuir ar fáil ar na bealaí seo a leanas:

- Fótachóip do do phas ag cur fianaise ar fáil go bhfuil tú ó dhúchas ón tír sin (i.e., gurb í an teanga do mháthairtheanga). N.B. Ní féidir linn glacadh leis sin i gcás ábhar na Gaeilge.
- Fótachóip do do thras-scríbhinn bunchéime de thorthaí a shonraíonn go soiléir go bhfuil íosleibhéal B2 bainte amach agat ar CEFR (Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha).
- Ráiteas ó d'Institiúid Ardoideachais áit ar bhain tú do chéim amach ag tabhairt le fios go soiléir gur bhain tú íosleibhéal B2 amach ar CEFR.
- Ráiteas ó scrúdú inniúlacht teanga neamhspleách ag tabhairt le fios íosleibhéal B2 ar CEFR.
- Ar mhaithe leis an nGaeilge: fianaise go bhfuil tú ó dhúchas ó cheantar Gaeltachta le bille fóntais, ráiteas airgeadais, comhfhreagras toghcháin a chur ar fáil nó fianaise go raibh do chlann ag fáil deontas Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG), deontas do theaghlaigh Ghaeltachta



## CÉIM 07 Measúnú ar Oiriúnacht Chuí an Duine

Caithfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta a bheith sásta, mar chuid den phróiseas clárúcháin, gur duine oiriúnach agus cuí an duine a nglactar leo ar an gclár mar a leagtar amach in Alt 31(5)(b) in Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2012 agus in Alt 10(1)(b) i Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta [Clárúchán], 2016, agus i Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta [Clárúchán] (Leasuithe), 2016.

Mar iarratasóir do chlárúchán ní mór duit:

**a.** Teistiméireacht Charachtair a chur ar fáil atá deimhnithe ag duine cáilithe cuí, agus

**b.** tabhair faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

### 7.1. Teistiméireacht Charachtair

Ag tús an phróiseas iarratais iarrfar ort foirm Teistiméireacht Charachtair a íoslódáil. Caithfear an fhoirm seo a bheith sínithe ag duine gairmiúil a bhfuil ról scoile/ freagracht acadúil acu, a bhfuil aithne acu ort i inniúlacht ghairmiúil ar feadh ar a laghad bliain amháin acadúil sna cúig bliana is déanaí, go háirithe:

**(i)** Múinteoir Cláraithe (ní mór don Mhúinteoir a bheith cláraithe i láthair na huaire leis an gComhairle Mhúinteoireachta i bPoblacht na hÉireann ).

**(ii)** An Ceann Socrúcháin Scoile sa Choláiste nó san Ollscoil inar chríochnaigh an t-iarratasóir a Clár/Chlár Oiliúna Múinteora.

**(iii)** Príomhoide Scoile nó Stiúrthóir ar BOO.

**(iv)** Teagascóir Choláiste nó Ollscoile, inar chríochnaigh an t-iarratasóir a Clár/Chlár Oiliúna Múinteora.

Ní mór den Teistiméireacht Charachtair a bheith comhlánaithe go hiomlán, **sínithe agus dáta uirthi atá taobh istigh de bhliain de dháta an chlárúcháin**. Tá sé de chead ag an gComhairle Teistiméireacht Charachtair nua a lorg nuair a chuirtear moill ar iarratas de bharr nár chuir an t-iarratasóir isteach na cáipéisí riachtanacha.

Déan do Theistiméireacht Charachtair comhlánaithe a uaslódáil agus freagair na ceisteanna sa chuid seo.

## CÉIM 08 Grinnfhiosrúchán

Is riachtanas é faoi Achtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (Acht BNG) go ndéantar grinnfhiosrúchán leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (an Biúró) ar dhaoine a oibríonn le leanaí agus le daoine soghonta.

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht údaraithe a riarann grinnfhiosrúcháin ar mhúinteoirí i bPoblacht na hÉireann agus is gá don Chomhairle nochtadh an ghrinnfhiosrúcháin a mheas maidir le hoiriúnacht an chláraithe leis an gComhairle. Is gá don scoil nochtadh an ghrinnfhiosrúcháin a fháil agus a mheas chun críocha fostaíochta.

### Ról na nÚdarás Scoile

Ní mór den údarás scoile cuí (Bord Bainistíochta nó BOO de réir mar is cuí) a chinntiú go bhfuil grinnfhiosrúchán déanta ar aon duine ceaptha nua atá molta a bhfeadfadh go mbeadh rochtain neamhmhaoirsithe acu ar pháistí nó daoine fásta leochaileacha. Níor cheart é seo a lorg ach amháin nuair a bhíonn post á thairiscint don duine. Caithfidh scoileanna iarraidh ar mhúinteoirí ionchasacha ó thar lear an Dearbhú grinnfhiosrúchán ón gComhairle Mhúinteoireachta a chuir ar fáil, sula dtairgeann siad aon ról.

### Seoltaí Thar Lear

Tugann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin faoi grinnfhiosrúchán ar sheoltaí i bPoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann i láthair na huaire. Ní mór d'iarratasóir ar chlárúchán a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus/nó Tuaisceart Éireann ar feadh tréimhse carnaí 12 mí nó níos mó i ndiaidh dóibh a bheith 18 bliana d'aois, cóip do imréiteach póilíní ar mhaithe le gach tír a raibh cónaí orthu. Caithfidh na teastais imréitigh seo an tréimhse chónaithe iomlán i ngach tír a chlúdach.

Eolas maidir le Grinnfhiosrúchán.

- Cóipeanna do dhoiciméid imréitigh póilíní ó gach dlínse/stát a raibh cónaí ann roimhe seo, ag tagairt don méid ama a caitheadh i ngach dlínse/stát. Ní ghlacann an Chomhairle Mhúinteoireachta ach le doiciméid imréitigh póilíní a chuimsíonn an tréimhse iomlán cónaithe i ndlínse/stát eile.

## CÉIM 09 Seirbhís Teagaisc

**9.1.** Comhlánaigh an chuid seo le do thoil má tá seirbhís teagaisc agar mar mhúinteoir cáilithe.

**9.2.** Cuir eolas maidir leis an tseirbhís teagaisc is cuí do d'iarratais do chlárúchán (más ábhartha).

**9.3.** Ba chóir Socrúchán Scoile a rinneadh mar chuid den cháilíocht múinteora a chuir anseo.

CÉIM 10

## Riachtanas an Bhéarla

10.1. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus má bhain tú do cháilíocht amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ní mór duit an Chomhairle a shásamh go bhfuil an t-eolas riachtanach ar an mBéarla agat chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.

10.2. Féadfaidh tú an leibhéal riachtanach a léiriú trí cheann amháin díobh seo a leanas a sholáthar:

1. Cóip de cháilíocht (oideachas múinteoirí nó fochéime) a gnóthaíodh agus a scrúdaíodh trí mheán an Bhéarla.
2. Cóip de theastas IELTS (Córas Idirnáisiúnta Tástála Béarla) **(Acadúil)** a fhianaíonn eolas sa Bhéarla, le scór 7.0 nó níos airde.
3. Fianaise ar mhaireachtáil agus ar chleachtadh i gcáil ghairmiúil trí mheán an Bhéarla, i dtír ina bhfuil an Béarla aitheanta mar theanga oifigiúil, ar feadh trí bliana as na cúig bliana roimhe sin.
4. Fianaise ar mhaireachtáil agus ar thabhairt faoi chlár foghlama trí mheán an Bhéarla, i dtír ina bhfuil an Béarla aitheanta mar theanga oifigiúil, ar feadh trí bliana as na cúig bliana roimhe sin.
5. Cóip de Cambridge C1 Advanced (ar a dtugtaí Cambridge English: Advanced (CAE)) roimhe seo le Grád C ar a laghad.

Coimeádfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an ceart chun na scóir a fhíorú go neamhspleách le IELTS/Cambridge agus ní mór tabhairt faoi gach cuid de thástáil IELTS/Cambridge ag an am céanna.

Caithfidh an scrúdú a bheith déanta tráth nach déanaí ná cúig bliana roimh an dáta a cuireadh isteach é nó caithfidh tú fianaise a sholáthar go bhfuil cónaí ort agus gur oibrigh tú/go ndearna tú staidéar go lánaimseartha i dtimpeallacht ina labhraítear Béarla ó chríochnaigh an mheastóireacht.

Ní mór an fhianaise thuas a sholáthar le d'iarratas ar chlárú mar ní féidir clárú a thabhairt chun críche gan an doiciméad seo.

CÉIM 11

## Sonraí agus Dearbhuithe

11.1. Léigh an leathanach seo le do thoil. Dearbhaíonn tú go bhfuil na ráitis agus na dearbhuithe cruinn/ceart agus d'iarratas á chur isteach agat.

CÉIM 12

## Cuir Isteach

12.1. Tógfar go dtí an leathanach íocaíochta thú nuair a bhrúann tú ar an gcnaipe Cuir Isteach. Ní mór do chuid íocaíochta a bheith curtha i gcrích go rathúil sula gcuirtear d'iarratas isteach go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta.

12.2. Má tá aon réimse éigeantacha fágtha gan comhlánú, seolfar tú i dtreo na leathanaigh do cheartúchán.

12.3. A luaithe is atá gach réimse sainordaitheacha comhlánaithe, is féidir leat an cnaipe cuir isteach a bhrú.

CÉIM 13

## Íocaíocht

13.1. Cuirfear eolas ar fáil duit maidir leis an íocaíocht atá dlite.

13.2. Muna bhfaightear aon táille, ní féidir an t-iarratas a chuir isteach.

13.3. Is féidir eolas sa bhreis maidir le taillí a fháil anseo.

CÉIM 14

## Céad Céimeanna Eile

14.1. Is féidir dul chun cinn maidir le d'iarratais a rianú trí MoChlarú.

14.2. Déanfar d'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú go bhfuil gach eolas riachtanach curtha isteach.

14.3. We will contact you by email if there is any information outstanding or if clarification is required.

14.4. Nuair a fhaightear an t-eolas riachtanach ar fad, déanfar d'iarratas a mheas.

14.5. Ag brath ar thoradh dearfach ar mheasúnú agus gach riachtanas clárúcháin a bheith comhlíonta, déanfar dearbhú ar chlárúchán a eisiúint chugat, chomh maith le heolas ar aon riachtanais iarchlárúcháin.

14.6. Muna féidir do cháilíochtaí a aithint chun críocha clárúcháin, rachaidh muid i dteagmháil leat le sonraí maidir leis an gcinneadh.If your qualifications cannot be recognised for registration purposes, we will contact you with details about the decision.

### Clárú

Déanfar Clárúchán a thabhairt chun críche chomh fada is go bhfuil na riachtanais maidir le teistiméireacht charachtair, grinnfhiosrúchán, agus riachtanas an Bhéarla comhlíonta.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,

Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Teileafón: +353 1 651 7900

Ríomhphost: info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council